# Nuacht na Ríthe

**Márta 2021**

## FILLEADH ar SCOIL Return to School



Bhí áthas orainn na daltaí shóisearacha a fheiceáil ar ais ar scoil ag tús na seachtaine. Tá súil againn go mairfidh an oscailt seo agus go mbeimid ag cur fáilte roimh na daltaí eile ar an 15ú. Chuige sin, iarraimis ar gach duine obair le chéile leis seo a bhaint amach. Iarraimis oraibh cloí leis na rialacha agus na treorlínte atá i bhfeidhm. Ná cuir do pháiste ar scoil má tá sé/sí tinn nó má tá aon chomharthaí COVID-19 air/uirthi. Déan cinnte nach bhfuil tuismitheoirí ag bailiú le chéile ag am teacht isteach & am dul abhaile. Cinnitgh scaradh shóisialta an t-am ar fad agus caith masc nuair atá sibh ar thalamh na scoile. Má tá ort teacht chun na scoile, is gá glaoch a chur ar an oifig roimh theacht.

We were delighted to see our junior students back in school at the start of this week but we miss our 3rd to 6th pupils. We hope that this reopening will continue and that we will be




welcoming back all other pupils on the 15th. With this in mind, we ask that we all work together to achieve this. We remind you to abide by the guidelines that have been put in place. Please do not send your child to school if he/she is unwell or is displaying any of the symptoms of COVID-19. Ensure that parents are not congregating at drop off & collection times. Practice social distancing at all times and wear a mask when on school grounds. If you need to come to the office for any reason, you must contact the office in advance of arriving.

## CRUINNITHE NA DTUISMITHEOIRÍ – NA MÚINTEOIRÍ Parent – Teacher Meetings

**Tarlóidh Cruinnithe na dTuismitheoirí-Múinteoirí ar an 23ú & 24ú Márta. Tarlóidh siad ar an nguthán agus beidh rogha laethanta/amanna. Déanfar iad a eagrú ar Aladdin agus beidh tú in ann spásanna a chur in áirithint an tseachtain seo chugainn.** Parent-Teacher Meetings will happen on 23rd & 24th March. They will happen over the phone and there will be a couple of different options for days/times. They will be organised on Aladdin and you will be able to book a slot next week.





**Cuirfidh an muinteoir glaoch ortsa (b'fhéidir ó uimhir phríobháideach) agus tá sé ríthábhachtach go bhfuil an uimhir cheart don duine ceart ar Aladdin faoi; *Family Mobile (text) number(s):* Mura bhfuil an uimhir cheart ann, ní bheidh an múinteoir in ann teagmháil a dhéanamh leat agus cuirfear am amú. Cosúil leis an gcruinniú ar scoil, mairfidh an comhrá 8 nóiméad nó mar sin agus iarrtar ort cloí leis sin le nach gcuirfear moill ar thuismitheoirí eile. Déanann 2 nó 3 nóimeád sa bhreis fiú scrios ar an sceideal nuair atá deartháireacha/deirfiúracha i ranganna eile i gceist. Más gá cruinniú níos faide a eagrú, is féidir é sin a eagrú leis an múinteoir ranga.** The teacher will call you (possibly from a private number) and it is crucial that you have the correct number for the correct person on Aladdin under; Family Mobile (text) number(s): If the correct number isn't there the teacher will not be able to contact you and time will be wasted. Similar to the meetings in school, the conversation will last approximately 8 minutes and you are asked to adhere to that so that other parents aren't delayed. Even 2 or 3 minutes over the time can cause huge disruption to the schedules when siblings in other classes are involved.

## LÁ DOMHANDA na LEABHAR World Book Day




**Bhí Lá Domhanda na Leabhar ann inné Déardaoin 4ú Márta ach táimid chun é a chur ar athló go dtí lá éigin amach anseo nuair a bheidh gach duine socraithe ar ais ar scoil. Is lá deas é seo agus ba mhaith é a bhrú amach le go mbeidh na páistí ar a suaimhneas agus in ann taitneamh éigin a bhaint as.** World Book Day was yesterday Thursday 4th March but we are going to postpone it until sometime at a later date when everybody will be settled back into school. It's a nice day and it would be good to push it out until the children are settled and can enjoy it properly.